*Children's School Lives (CSL)*

*An staidéar náisiúnta fadaimseartha cohóirt ar an mbunoideachas in Éirinn*

Réamhrá maidir leis an gcúlra

Foilsíodh *Curaclam na Bunscoile* (1999) 19 mbliana ó shin (www.curriculumonline.ie). A bhuí le hathbhreithnithe, meastóireacht agus taighde, tuigimid gur bunchloch láidir le haghaidh teagaisc agus foghlama é. Tuigimid freisin gur tháinig athrú ar sheomraí ranga ó 1999 i leith agus go bhfuil pobal níos éagsúla daltaí ar cheann de na saintréithe agus láidreachtaí nua atá le sonrú sna bunscoileanna.

Tugann an staidéar Growing Up in Ireland (GUI), ar cuireadh tús leis in 2002 (www.growingup.ie) agus lenar leanadh 18,000 páiste, léargas ar an bhforbairt atá páistí a dhéanamh i gcúinsí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúir agus ar an gcaoi a ndeachaigh na cúinsí sin a raibh athrú tapa ag teacht orthu, go háirithe le blianta beaga anuas, i bhfeidhm ar shaol páistí[1]. Leathnaigh an staidéar an tuiscint atá againn ar shaol páistí agus iad ag fás aníos in Éirinn inniu. Ó thaobh an oideachais de, cuireadh béim leis an Staidéar ar roinnt gnéithe de thaithí bunscoile páistí (mar shampla, McCoy, Smyth agus Banks, 2012; Smyth, 2015). Anuas ar an staidéar GUI, cuireann an staidéar nua náisiúnta fadaimseartha deis spleodrach agus uathúil ar fáil chun páistí a leanúint **trí bhlianta na bunscoile** agus an taithí sin a dhoiciméadú go mion agus foghlaim **faoin taithí sin agus ón taithí sin** freisin. Mar achoimre, tabharfaidh an staidéar léargas saibhir agus eolas ar thaithí páistí i mbunscoileanna in Éirinn agus tabharfar léargas dúinn freisin ar an gcaoi a múnlaíonn an taithí sin scoileanna mar phobail, mar institiúidí agus mar chóras agus ar an gcaoi a múnlaíonn na scoileanna an taithí sin freisin. Cuirfidh an fhoghlaim sin go díreach le hobair CNCM ar an gcuraclam agus ar an measúnú ag

[1] Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar chuspóir an staidéir *Growing Up in Ireland* agus chun na príomhthorthaí go dtí seo a fheiceáil, féach ar www.growingup.ie le haghaidh liosta foilseachán a d'eascair as an staidéar.

céim na luath-óige agus sa bhunscoil agus d'fhéadfaí é a úsáid freisin mar bhonn eolais don dhioscúrsa níos leithe ar chúrsaí oideachais agus forbairt beartas. Is dóichí go n-úsáidfidh bunscoileanna na torthaí chun beartais agus cleachtais áirithe a athbhreithniú agus a fhorbairt tuilleadh.

# Tábhacht an staidéir

Mar a dúradh thuas, cé go bhfuil mionléargas againn ar ghnéithe áirithe de shaol oideachais páistí, tugann an staidéar nua fadaimseartha atá beartaithe deis dúinn pictiúr níos iomláine a fháil den am a chaitheann páistí sa bhunscoil. Breathnaítear go hachomair sa chuid seo ar roinnt de na cúiseanna a bhfuil an pictiúr sin tábhachtach.

## Sochaí atá ag athrú

Tá athrú as cuimse tagtha ar shochaí na hÉireann le deich mbliana anuas, rud a léirítear i dtorthaí GUI. Is dúchasaigh dhigiteacha iad páistí an lae inniu atá ag maireachtáil i ndomhan atá ag athrú go tapa. Suíonn an ghné sin den óige taobh le réaltacht na bochtaineachta agus na heaspa dídine agus 2,505 páiste gan dídean in 2016, 13% de dhaoine, lena n-áirítear páistí, ag fulaingt de bharr bochtaineacht bia agus 1,098 páiste ina gcónaí i soláthar díreach (an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, 2017). Mínítear le teoiric Bronfenbrenner maidir le córais éiceolaíocha (2005) an chaoi a n-idirghníomhaíonn buntréithe páiste agus tréithe na timpeallachta seachtraí ina bhfuil an páiste chun dul i bhfeidhm ar an gcaoi a bhfásfaidh agus a bhforbróidh an páiste. Cé gur chuir an staidéar GUI go mór leis an eolas agus leis an tuiscint atá againn ar shaol agus ar thaithí páistí in Éirinn an 21ú haois, ní thugann sé ach léargas teoranta dúinn ar an taithí a bhíonn acu laistigh den chóras oideachais agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn taithí éagsúil i saol an teaghlaigh, cultúir éagsúla, cumais agus riachtanais éagsúla leis an saol scoile agus ar an gcaoi a múnlaíonn na gnéithe sin an saol scoile. Is é an dúshlán atá ann do scoileanna agus do mhúinteoirí aonair réimse difríochtaí foghlama, cultúrtha agus sóisialta na bpáistí aonair a aithint agus freagairt do na difríochtaí sin agus d'fhéadfadh sé go bhfuil an dúshlán sin níos mó anois ná mar a bhí riamh. Tábhacht thimpeallacht na scoile; an tábhacht a bhaineann le páistí ag dul i ngleic leis an bhfoghlaim; le scileanna saoil, féinléirithe agus cumarsáide a fhorbairt; baineann siad go léir le

hidirghníomhaíocht an pháiste le daoine fásta (múinteoirí/tuismitheoirí) agus lena bpiaraí. D'fhéadfadh sé go rachadh deacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha a bhíonn ag páistí lasmuigh den scoil i bhfeidhm ar an gcaidreamh atá acu leis an scoil, ar an taithí scoile agus ar a gcumas foghlama. Maidir le múinteoirí, bítear ag iarraidh an bhearna a laghdú idir an méid atá ar eolas againn faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar fholláine páistí agus ar a gcumas foghlama agus na rudaí is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú leo bláthú (Kickbusch, 2012).

## Tosaíochtaí páistí

Dúirt na páistí féin linn go bhféadfadh sé go bhfuil an *chaoi* a bhfoghlaimíonn siad níos tábhachtaí ná an méid a fhoghlaimíonn siad. Mar shampla, sa chéad chéim d'athbhreithniú CNCM ar an gcuraclam reatha, bhain na cúiseanna a thug páistí maidir leis an bhfáth ar thaitin ábhar amháin leo níos mó ná ábhar eile le ról gníomhach a bheith acu lena n-áirítear rannpháirtíocht i bhfoghlaim chomhoibritheach, cinnteoireacht i mbeirteanna/grúpaí, foghlaim ghníomhach ag úsáid modhanna praiticiúla, foghlaim bunaithe ar fhiosrúchán lena mbaineann taighde agus TFC, agus foghlaim bharántúil trí thionscadail agus staidéir ar an bhfíorshaol (2005). In agallaimh a rinneadh le páistí bunscoile agus a taifeadadh do chomhdháil dar teideal *Children, their Lives, their Learning* in 2011, dúirt páistí go mbeadh *more computers, tablets and iPads… to do more research on projects…* sa seomra ranga idéalach agus gur mhaith leo ní ba mhó a fhoghlaim, toisc gur maith leo go dtabharfaí dúshlán dóibh – dúirt siad gur bhain siad taitneamh as fadhbanna a réiteach *agus working out how to do problems… [but] a lot of the experiments we're doing this year you could nearly tell what the outcome is going to be*. Leag páistí béim ar an ngá atá le naisc níos fearr a dhéanamh sna heispéiris oideachasúla a bhíonn acu thar an oideachas luath-óige, an bhunscolaíocht agus an dara leibhéal chun aistrithe ag tús shraith na bunscolaíochta a fheabhsú, mar shampla *the only thing I don't like doing is when I can't play… I miss dressing up as well* (CNCM, 2005, lgh 242–243) agus i dtreo dheireadh na bunscoile, mar shampla, *I would like if maybe for the last few months of the school year you got to try a few of the subjects that you do in secondary school so you'd know what you like and what you could do when you go and you'd have a head-start*[2].

---

[2] Podcast with Children (CNCM, 2011) http://vimeo.com/82283247

## Gné chaidreamhach an oideachais

Tá a fhios againn go mbíonn ról suntasach ag caidreamh páistí lena bpiaraí ina leibhéal rannpháirtíochta leis an scoil le linn na mblianta bunscoile (ITES, 2012, lch. 36). I nglao oscailte ar 'thosaíochtaí don bhunoideachas' in 2012, chuir freagróirí síos ar an seomra ranga bunscoile mar phríomhshuíomh sóisialta do pháistí chun a gcuid scileanna sóisialta a chleachtadh agus a bheachtú, chun foghlaim conas idirghníomhú le daoine eile, cairdeas a chruthú agus a chothú, agus oibriú i gcomhar le chéile i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga. (CNCM, 2012, lch 15). Aithnítear leis an mbéim mhór a chuirtear ar thacaíocht a thabhairt do phaistí chun caidrimh dhearfacha a fhorbairt sa bhunscoil an tábhacht a bhaineann le cuidiú leo fás agus ceistítear leis, go pointe áirithe, an íomhá den pháiste faoi dheifir (Elkind, 2001) nó an páiste a bhíonn gnóthach i gcónaí ar cosúil gur cuid anois é dár smaointeoireacht faoi pháistí agus a saol inniu. Cuireann tráchtairí an t-athrú seo ó ábhar go cumarsáid i gcomparáid le hathrú ó dhomhan stoc – mar a choinnítear eolas agus é ag dímheas go tapa – go domhan ina bhfuil cumhacht shaibhir na cumarsáide agus na sreafaí comhoibrithe ag méadú (Schleicher 2012, lch 35). Tá an caidreamh múinteora-páiste ag croílár an bhunoideachais. Foghlaimíonn agus forbraíonn páistí i dtimpeallacht ina bhfuil caidreamh dearfach, cothaitheach leis an múinteoir. Tá na caidrimh sin i gcroílár an teagaisc agus na foghlama ardchaighdeáin i mblianta na bunscolaíochta, agus tá sé sin ríthábhachtach don rath a bhíonn ar pháistí, mar a léiríonn Bryk agus Schneider (2002) agus Hattie (2012).

## An curaclam

Tá an bhéim a chuirtear ar fhorbairt an pháiste ina iomláine ar cheann de ghnéithe sainiúla an churaclaim bhunscoile: *Tá leithne agus cothromaíocht mar airíonna ag an gcuraclam. Tugann sé léargas ar na gnéithe iomadúla d'eispéireas, de ghníomhaíocht agus de chur in iúl an duine, agus tá sé dírithe ar acmhainn iomlán an uile  pháiste a fhorbairt* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1999, lch 10).  Leis *an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta* (2011), tháinig athrú sainordaithe den chéad uair ó foilsíodh an curaclam in 1999 ar an gcaoi ar cheart am a úsáid laistigh den churaclam. D'éiligh an straitéis go ndéanfaí am breise a leithdháileadh ar an litearthacht agus ar an matamaitic do gach páiste, agus mar sin, tháinig laghdú ar an am a chaitear ar ghnéithe eile d'fhoghlaim páistí. Mar thoradh ar an straitéis freisin, ní mór trialacha caighdeánaithe a úsáid agus a thuairisciú ag trí phointe

i dturas oideachais an pháiste tríd an mbunscoil. Ceithre bliana ina dhiaidh sin in 2015, foilsíodh curaclam nua teanga le haghaidh na naíonán sóisearach go rang a dó, an chéad athrú suntasach ar ábhar agus ar dhearadh an churaclaim ó 1999. Ina ainneoin sin, le himeacht na mblianta, forbraíodh go leor tacar treoirlínte lenar díríodh ar thacaíocht a thabhairt d'obair scoileanna i seomraí ranga atá ag athrú go tapa mar a luadh cheana – ag obair i seomraí ranga atá ag éirí níos éagsúla ó thaobh cultúir de, ag tacú le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, ag tacú le páistí a bhfuil an Béarla ina theanga bhreise dóibh agus ag tacú le páistí ag a bhfuil cumas eisceachtúil, agus oideolaíochtaí nua bunaithe ar shúgradh a úsáid i seomraí ranga na naíonán. Tharla athrú ar luas agus ar scála nach bhfacthas cheana i scoileanna ar fud na tíre leis sin.

Sa scoilbhliain 2017/2018, cláraíodh 563,459 páiste i 3,246 bunscoil (ROS, 2018). Mar a dúradh cheana, is beag atá ar eolas faoin taithí laethúil i saol na bunscoile. Cé chomh páirteach nó cumhachtaithe a bhraitheann páistí i seomraí ranga bunscoile? Cad a chabhraíonn leo socrú isteach sna naíonáin shóisearacha nó i rang eile má thagann siad ar imirce go hÉirinn? Cén taithí a bhí acu ar na réimsí agus na hábhair éagsúla atá i gceist le curaclam na bunscoile? Cad a chuireann ar a gcumas déanamh go maith ar scoil? Cé na difríochtaí atá ann sna dearcthaí atá acu i leith na scoile agus sa taithí scoile a bhíonn acu, agus iad ag dul ar aghaidh trí na hocht mbliana? Cé na difríochtaí atá ann idir scoileanna maidir leis an gcaoi a dtacaíonn siad le grúpaí áirithe páistí?

I mí Eanáir 2017, chuir CNCM tús le comhairliúchán maidir le struchtúr nua le haghaidh churaclam na bunscoile agus an chaoi arbh fhéidir am a úsáid ar bhealach difriúil ann (www.ncca.ie/timeandstructure). Ba é sin an chéad uair ó seoladh curaclam na bunscoile in 1999 a tugadh deis do mhúinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne machnamh a dhéanamh ar an gcuraclam agus freagra a thabhairt ar an gceist, *cén cineál curaclaim ba cheart a bheith againn chun tacú le* ***gach*** *páiste ina gcuid foghlama sa todhchaí*? Cabhróidh torthaí an chomhairliúcháin sin le hathfhorbairt churaclam na bunscoile ó na naíonáin shóisearacha go rang a sé a mhúnlú sna blianta atá romhainn amach. Cabhróidh an staidéar nua fadaimseartha ar thaithí páistí sa bhunscoil go mór leis an obair agus cuideoidh sé lena chinntiú go dtacaíonn curaclam athfhorbartha le *gach* páiste taithí dhearfach thairbheach a bheith acu ar an oideachas bunscoile. Breathnaíonn na codanna seo a leanas go hachomair ar na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le staidéar den sórt sin agus sainaithnítear téamaí leathana don taighde iontu.

# An staidéar

Chun a chinntiú gur féidir le torthaí an staidéir cabhrú go díreach le hobair CNCM maidir le curaclam agus measúnú sna blianta amach romhainn agus chun an fráma ama a theastaíonn chun pictiúr a chruthú de thaithí na bpáistí ar shraith iomlán na bunscoile a laghdú, lorg an Chomhairle tairiscintí le haghaidh staidéar fadaimseartha tras-seicheamhach taighde. Éascaíonn an staidéar seo dhá chohórt d'aoiseanna difriúla a roghnú ag tús an taighde. Tosóidh cohórt amháin sa bhliain réamhscoile sula dtéann siad ar scoil agus críochnóidh siad i rang a dó, agus tosóidh an dara cohórt i rang a dó sa bhunscoil agus críochnóidh siad sa chéad bhliain san iar-bhunscoil. Leanfar an chéad chohórt ar feadh cúig bliana agus leanfar an dara ceann ar feadh sé bliana agus beidh dhá thacar sonraí fhorluiteacha mar thoradh air. Tá sé de chumas ag dearadh taighde ina n-úsáidtear modhanna measctha lena gcuimsítear sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla léargas saibhir suimiúil a thabhairt ar thaithí páistí sa bhunscoil. Ina theannta sin agus i bhfianaise nádúr na staidéar fadaimseartha, d'fhéadfadh an taighde eolas a thabhairt dúinn ar na scoileanna féin agus ar na scoileanna nuair a chuirtear i gcomparáid lena chéile iad – mar shampla, léargas ar dhearcthaí páistí, múinteoirí, lucht bainistíochta agus tuismitheoirí ar an gcaoi a ritear scoileanna, a dtreoraítear scoileanna, an chaoi a bhfeiceann siad iad féin i gcomhthéacs an phobail ina bhfuil siad lonnaithe, cad a oibríonn ina gcuid oibre agus cad nach n-oibríonn maidir le timpeallachtaí foghlama éifeachtacha a bhunú do pháistí, agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad agus a n-oibríonn siad le tuismitheoirí páistí.

Tá sé tábhachtach go bhfoilseofar torthaí gach bliana den staidéar a luaithe is féidir d'fhonn bonn eolais a chur faoi obair leanúnach CNCM ar an gcuraclam agus chun cur le hobair níos leithne sa chóras oideachais. D'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfadh réimse ina bhfuil spéis faoi leith ag CNCM agus atá ábhartha don obair a dhéanann sé, mar shampla, aistrithe nó comhpháirtíochtaí baile-scoile, chun cinn i mbliain ar leith den staidéar agus gur féidir tógáil air agus iniúchadh breise a dhéanamh air níos déanaí sa staidéar. D'fhéadfadh sé go mbeadh tuairiscí téamacha mar thoradh air sin.

Cuirtear síos sa chuid thíos ar théamaí leathana a bhaineann leis an staidéar agus gnéithe a d'fhéadfaí a fhiosrú laistigh díobh sin. Bunaithe ar staidéir fhadtréimhseacha den chineál céanna agus taighde eile ar thaithí páistí sa bhunscoil, d'fhéadfadh na taighdeoirí téamaí tábhachtacha eile a shainaithint lena n-iniúchadh. Agus iniúchadh á dhéanamh ar thaithí páistí ar fud an réimse leathan de chomhthéacsanna scoile atá againn, beidh sé tábhachtach páistí ó chúlraí difriúla teanga, cultúir, comhthéacsanna socheacnamaíocha, cineálacha teaghlaigh agus cumais a thabhairt isteach, chomh maith leis an raon cineálacha scoile in Éirinn a léiriú. Beifear in ann comparáid a dhéanamh, mar thoradh air sin, idir ghrúpaí páistí agus an taithí a bhíonn acu sa bhunscoil agus ar fud na ngrúpaí sin

freisin. I gcás roinnt bealaí fiosrúcháin, beidh sé tábhachtach go gcloistear guthanna eile sa staidéar anuas ar dhearcthaí na bpáistí, mar shampla guthanna múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, agus foirne coimhdí, mar shampla rúnaithe scoile agus airígh.

**Téama 1: Caidrimh agus cultúr scoile**

- Caidrimh le múinteoirí agus le piaraí
- Caidrimh thábhachtacha agus na fáthanna ar caidrimh thábhachtacha iad do pháistí
- Braistintí agus taithí ar chuir chuige dhifriúla teagaisc agus an nasc atá ann idir inspreagadh páistí agus rannpháirtíocht páistí i saol na scoile
- Féiniúlacht agus féiníomhá mar fhoghlaimeoir
- Dearcthaí i leith na bunscoile agus rannpháirtíocht tuismitheoirí sa scoil
- Rochtain ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim sa scoil agus rannpháirtíocht iontu

**Téama 2: Aistrithe, 'ullmhacht' agus tacaíochtaí (béim ar leith ar shaincheisteanna ionchuimsithe) agus ullmhacht scoileanna**

- An t-aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil
- An t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil
- Aistrithe eile, mar shampla, ó cheacht go ceacht, lá níos giorra na naíonán go lá iomlán scoile, ó mhúinteoir go múinteoir, ón scoil shóisearach go scoil shinsearach, scoil chomhoideachais go scoil aonghnéis, ó rang/scoil phríomhshrutha go rang/scoil speisialta agus a mhalairt

**Téama 3: Éagsúlacht agus ionchuimsiú, agus rannpháirtíocht**

- Bunscoileanna mar shuíomhanna ionchuimsitheacha oideachais – féiniúlacht agus cómhuintearais páistí
- Conas a chabhraíonn scoileanna le *gach* páiste mothú go bhfuil siad páirteach i saol na scoile agus a bheith rannpháirteach go gníomhach ann
- Rogha agus cinnteoireacht páistí sa seomra ranga
- Rannpháirtíocht páistí i saol na scoile agus an chaoi a gcabhraíonn siad le saol na scoile a mhúnlú

(Leis an téama seo, thabharfaí aird ar leith ar pháistí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, páistí inimirceach, agus páistí ón Lucht Siúil.)

**Téama 4: Taithí agus torthaí ar fud an churaclaim**

- Rannpháirtíocht páistí leis an gcuraclam agus a machnamh air sin[3]
- Neamhspleáchas páistí ina bhfoghlaim féin
- Dearcthaí páistí ar réimsí/ábhair churaclaim agus na rudaí a mhúnlaíonn na dearcthaí sin
- An chaoi a dtacaíonn scoileanna le riachtanais oideachais páistí
- Torthaí leathana (lena n-áirítear torthaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla) na bunscoile do pháistí
- Dul chun cinn i bhfoghlaim agus i bhforbairt páistí le linn na bliana, agus in imeacht na mblianta
- Taithí páistí ar aiseolas ó mhúinteoirí agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar an rannpháirtíocht agus ar an bhfoghlaim
- An chaoi a dtéann leithdháiltí ama i bhfeidhm ar thaithí agus dearcthaí páistí maidir le réimsí/ábhair curaclaim, agus an ghnóthachtáil oideachasúil

**Téama 5: Folláine páistí**

- Mothú folláine páistí trí bhlianta na bunscoile
- Inspreagadh páistí agus rannpháirtíocht sa scoil agus an chaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar an bhfolláine
- An chaoi a gcothaíonn agus a bhfeabhsaíonn scoileanna folláine páistí
- An gaol idir folláine páistí agus an taithí a bhíonn acu ar scoil agus a dtorthaí oideachais

**Téama 6: Scoileanna mar eagraíochtaí oideachais**

- Taithí agus spéiseanna páistí mar ghné de na cúiseanna a n-eagraíonn scoileanna iad féin ar bhealach faoi leith
- Timpeallacht na scoile (fisiciúil, cultúrtha, ó thaobh dearcthaí de) agus taithí páistí; an chaoi a bhfreagraíonn timpeallacht na scoile do pháistí
- Méid na scoile agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar thaithí páistí sa bhunscoil
- An chaoi a n-eagraíonn scoileanna am agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar thaithí páistí
- Stíl cheannaireachta i mbunscoileanna agus an chaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar eispéiris páistí

---

[3] Soláthraíonn prionsabail churaclam na bunscoile bonn tábhachtach don cheist sin. Mar shampla, cá mhéad foghlama a dhéanann páistí igcomhar; rochtain ar TFC agus TFC a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim; deiseanna foghlama sa timpeallacht lasmuigh; foghlaim trí shúgradh agus fionnachtain threoraithe; ceachtanna atá dírithe ar theanga labhartha; gníomhaíochtaí a thacaíonn le smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna ardoird; aiseolas ó mhúinteoirí ar bhonn duine le duine ar a gcuid foghlama; deiseanna chun dul i mbun féinmheastóireachta agus spriocanna a leagan amach; deiseanna chun a gcuid smaointe agus tuairimí faoin scoil agus faoin bhfoghlaim sa seomra ranga a thabhairt.

- An chaoi a n-idirghníomhaíonn agus a n-oibríonn scoileanna le páistí, le tuismitheoirí agus leis an bpobal
- Cad a oibríonn agus cad nach n-oibríonn maidir le timpeallachtaí éifeachtacha a bhunú do pháistí

Féach ar www.ncca.ie chun tuilleadh eolais a fháil